C/2025/3462

30.6.2025

Foilsiú iarratais ar fhormheas ar leasú ar leibhéal an Aontais ar shonraíocht táirge le haghaidh tásc geografach faoi chosaint in earnáil an fhíona de bhun Airteagal 97(4) an chéad fhomhír i gcomhar le hAirteagal 105 de Rialachán (AE) Uimh. 1308/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle

(C/2025/3462)

Laistigh de 3 mhí ó dháta an fhoilsithe seo, féadfaidh údaráis Bhallstáit nó údaráis tríú tír, nó duine nádúrtha nó dlítheanach ag a bhfuil leas dlisteanach agus atá bunaithe nó ina chónaí i dtríú tír, nós imeachta freasúra a thaisceadh leis an gCoimisiún ([1]) i gcomhréir le hAirteagal 17 de Rialachán (AE) 2024/1143 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle.

IARRATAS AR FHORMHEAS AR LEASÚ AR LEIBHÉAL AN AONTAIS

‘Дунавска равнина’

PGI-BG-A1538-AM03

Dáta an iarratais: An 6.7.2023

LEASÚ

1. **Iarratasóir agus leas dlisteanach**

Seomra Réigiúnach Fíniúna agus Fíona na Mara Duibhe

Is é atá i Seomra Réigiúnach Fíniúna agus Fíona na Mara Duibhe saothróirí fíona agus déantóirí fíona a tháirgeann an TGFC ‘Дунавска равнина’.

2. **Ceannteideal sa tsonraíocht táirge dá ndéanann an leasú (nó na leasuithe) difear**

☐ Ainm an táirge

☒ Catagóir an táirge fíniúna

☒ Nasc

☐ Srianta margaíochta

3. **Tuairisc ar an leasú agus na cúiseanna leis**

3.1. *Catagóir an fhíona shúilínigh ar ardchaighdeán a dhéantar as an gcineál fíonchaoire Gergana a chur le TGFC ‘Дунавска равнина’*

Tá iarratas déanta ag Seomra Réigiúnach Fíniúna agus Fíona na Mara Duibhe chun an chatagóir táirge nua fíon súilíneach ar ardchaighdeán a dhéantar as an gcineál fíonchaoire Gergana a chur san áireamh sa tsonraíocht táirge. Tá saintréithe orgánaileipteacha agus anailíseacha an-mhaith ag an bhfíon agus tá éileamh air ar an margadh. Tríd an gcatagóir nua ‘Fíon súilíneach ar ardchaighdeán’ a chur san áireamh i TGFC Дунавска равнина, cuirfear feabhas ar cháil agus ar bhranda an táisc gheografaigh. Agus déanfaidh sé sin luach a chur leis na fíonta a tháirgtear. Baineann an leasú seo le pointe 2 den tsonraíocht táirge, ‘Teicneolaíocht táirgthe, tuairisc ar an bhfíon agus saintréithe anailíseacha’. Déanann sé difear freisin do Roinn 3, ‘Catagóirí táirgí fíniúna’, Roinn 4 ‘Tuairisc ar an bhfíon’ agus Roinn 8, ‘Tuairisc ar an nasc (nó ar na naisc)’, den doiciméad aonair.

([1]) Rialachán (AE) 2024/1143 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Aibreán 2024 maidir le tásca geografacha le haghaidh fíona, deochanna biotáilleacha agus táirgí talmhaíochta, chomh maith le sainearraí traidisiúnta faoi ráthaíocht agus téarmaí roghnacha cáilíochta le haghaidh táirgí talmhaíochta, lena leasaítear Rialacháin (AE) Uimh. 1308/2013, (AE) 2019/787 agus (AE) 2019/1753 agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE) Uimh. 1151/2012 (IO L, 2024/1143, 23.4.2024, ELI: https://eur-lex.europa.eu/legal-content/GA/TXT/HTML/?uri=OJ:L_202401143).

3.2. *An cineál fíonchaoire Gergana a chur isteach mar chineál fíonchaoire chun fíon súilíneach ar ardchaighdeán a tháirgeadh*

Tá iarratas déanta ag Seomra Réigiúnach Fíniúna agus Fíona na Mara Duibhe chun Gergana a chur san áireamh sa tsonraíocht táirge ar liosta cineálacha fíonchaoire a cheadaítear chun fíon a tháirgeadh lena ngabhann TGFC ‘Дунавска равнина’.

Is cineál fíonchaoire Bulgárach é Gergana nach bhfuil le fáil ach i limistéar an Mhachaire Dhanóbaigh. Is ábhar den scoth é chun fíonta súilíneacha nádúrtha a tháirgeadh. Déanann an leasú seo difear do phointe 5 den tsonraíocht táirge, ‘Cineálacha fíonchaor atá ceadaithe chun fíon a tháirgeadh lena ngabhann TGFC ‘Дунавска равнина’. Déanann sé difear freisin do Roinn 7 den doiciméad aonair dar teideal ‘Cineál (nó cineálacha) fíonchaoire’.

DOICIMÉAD AONAIR

1. **Ainm (nó ainmneacha)**

Дунавска равнина

2. **Cineál an táisc gheografaigh**

TGFC – Tásc geografach faoi chosaint

3. **Catagóirí na dtáirgí fíniúna**

1. Fíon

5. Fíon súilíneach ar ardchaighdeán

Cód Ainmníochta Comhcheangailte

— 22 — DEOCHANNA, BIOTÁILLÍ AGUS FÍNÉAGAR

2204 — Fíon ó fhíonchaora úra, lena n-áirítear fíonta treisithe; úrfhíon fíonchaor seachas é sin atá faoi cheannteideal 2009

4. **Tuairisc ar an bhfíon (nó ar na fíonta)**

1. *Fíonta geala*

Glaine – leacht glan, ceadaítear méid beag dríodair dhaite de thoradh aosú faidréiseach i mbuidéal.

Dath – dath buí na tuí lena mbaineann imireacha glasa.

Dea-bholadh agus blas – dea-bholadh casta ina bhfuil ag torthaí citris go mór chun cinn agus ina bhfuil rian de luibheanna, féar úr agus bláthanna fiáine le brath. Bíonn an blas úr, a mbaineann aigéadacht chothrom leis, bíonn sé comhchuí agus bíonn an t-iarbhlas fada.

Méid iomlán siúcra:

— i gcás fíonta tirime – suas go 4 ghram in aghaidh an lítir, nó suas go 9 ngram in aghaidh an lítir ar choinníoll nach mó an aigéadacht iomlán arna sloinneadh mar ghraim d’aigéad tartarach in aghaidh an lítir ná 2 ghram faoi bhun mhéid an tsiúcra iarmharaigh;

— i gcás fíonta leath-thirime – níos mó ná na huasluachanna le haghaidh fíonta tirime, ach nach mó ná 12 ghram in aghaidh an lítir, nó 18 ngram in aghaidh an lítir ar choinníoll nach bhfuil an aigéadacht iomlán arna sloinneadh mar ghraim d’aigéad tartarach in aghaidh an lítir níos mó ná 10 ngram faoi bhun mhéid an tsiúcra iarmharaigh;

— i gcás fíonta leathmhilse – níos mó ná na huasluachanna le haghaidh fíonta leath-thirime, ach nach mó ná 45 ghram in aghaidh an lítir;

— i gcás fíonta milse – os cionn 45 ghram in aghaidh an lítir.

Eastóscán saor ó shiúcra – 16 ghram in aghaidh an lítir ar a laghad.

Comhlíonann an neart alcóil iomlán uasta na luachanna a leagtar síos i reachtaíocht an Aontais atá i bhfeidhm.

Saintréithe anailíseacha ginearálta	
Neart alcóil iomlán uasta (in % de réir toirte)	
Neart alcóil iarbhír íosta (in % de réir toirte)	10
Aigéadacht iomlán íosta	4 ghram in aghaidh an lítir, arna sloinneadh mar aigéad tartarach
Aigéadacht luaineach uasta (i milleachoibhéisí in aghaidh an lítir)	13,3
Dé-ocsaíd sulfair iomlán uasta (i milleagraim in aghaidh an lítir)	200

2. *Fíonta rosé*

Glaine – leacht glan, ceadaítear méid beag dríodair dhaite de thoradh aosú faidréiseach i mbuidéal.

Dath – bándearg geal.

Dea-bholadh agus blas – dea-bholaithe torthaí foraoise dearga agus clochthorthaí den chuid is mó. Bíonn an blas bog, a mbaineann struchtúr dea-fhorbartha agus blasanna blasta sméara dubha agus silíní aibí leis. Bíonn an t-iarbhlas láidir, beagán searbh, a mbaineann úire chumhachtach leis.

Méid iomlán siúcra:

— i gcás fíonta tirime – suas go 4 ghram in aghaidh an lítir, nó suas go 9 ngram in aghaidh an lítir ar choinníoll nach mó an aigéadacht iomlán arna sloinneadh mar ghraim d'aigéad tartarach in aghaidh an lítir ná 2 ghram faoi bhun mhéid an tsiúcra iarmharaigh;

— i gcás fíonta leath-thirime – níos mó ná na huasluachanna i gcás fíonta tirime, ach nach mó ná 12 ghram in aghaidh an lítir, nó 18 ngram in aghaidh an lítir ar choinníoll nach bhfuil an aigéadacht iomlán arna sloinneadh mar ghraim d'aigéad tartarach in aghaidh an lítir níos mó ná 10 ngram faoi bhun mhéid an tsiúcra iarmharaigh;

— i gcás fíonta leathmhilse – níos mó ná na huasluachanna le haghaidh fíonta leath-thirime, ach nach mó ná 45 ghram in aghaidh an lítir;

— i gcás fíonta milse – os cionn 45 ghram in aghaidh an lítir.

Eastóscán saor ó shiúcra – 16 ghram in aghaidh an lítir ar a laghad.

Comhlíonann an neart alcóil iomlán uasta na luachanna a leagtar síos i reachtaíocht an Aontais atá i bhfeidhm.

Saintréithe anailíseacha ginearálta	
Neart alcóil iomlán uasta (in % de réir toirte)	
Neart alcóil iarbhír íosta (in % de réir toirte)	10
Aigéadacht iomlán íosta	4 ghram in aghaidh an lítir, arna sloinneadh mar aigéad tartarach
Aigéadacht luaineach uasta (i milleachoibhéisí in aghaidh an lítir)	13,3
Dé-ocsaíd sulfair iomlán uasta (i milleagraim in aghaidh an lítir)	200

3. *Fíonta dearga*

Glaine – leacht glan, ceadaítear méid beag dríodair dhaite de thoradh aosú faidréiseach i mbuidéal.

Dath – dath an rúibín.

Dea-bholadh agus blas – dea-bholaithe lena n-áirítear torthaí dearga agus dubha na foraoise, daimsín, spíosraí, fanaile agus cnónna. Blasta agus tainniní boga ann, cothromaithe, súmhar agus úire torthaíoch ann.

Méid iomlán siúcra:

— i gcás fíonta tirime – suas go 4 ghram in aghaidh an lítir, nó suas go 9 ngram in aghaidh an lítir ar choinníoll nach mó an aigéadacht iomlán arna sloinneadh mar ghraim d'aigéad tartarach in aghaidh an lítir ná 2 ghram faoi bhun mhéid an tsiúcra iarmharaigh;

— i gcás fíonta leath-thirime – níos mó ná na huasluachanna i gcás fíonta tirime, ach nach mó ná 12 ghram in aghaidh an lítir, nó 18 ngram in aghaidh an lítir ar choinníoll nach mó an aigéadacht iomlán arna sloinneadh mar ghraim d'aigéad tartarach in aghaidh an lítir ná 10 ngram faoi bhun mhéid an tsiúcra iarmharaigh;

— i gcás fíonta leathmhilse – níos mó ná na huasluachanna i gcás fíonta leath-thirime, ach nach mó ná 45 ghram in aghaidh an lítir;

— i gcás fíonta milse – os cionn 45 ghram in aghaidh an lítir.

Eastóscán saor ó shiúcra – 20 gram ar a laghad in aghaidh an lítir.

Comhlíonann an neart alcóil iomlán uasta na luachanna a leagtar síos i reachtaíocht an Aontais atá i bhfeidhm.

Saintréithe anailíseacha ginearálta	
Neart alcóil iomlán uasta (in % de réir toirte)	
Neart alcóil iarbhír íosta (in % de réir toirte)	10
Aigéadacht iomlán íosta	4 ghram in aghaidh an lítir, arna sloinneadh mar aigéad tartarach
Aigéadacht luaineach uasta (i milleachoibhéisí in aghaidh an lítir)	15
Dé-ocsaíd sulfair iomlán uasta (i milleagraim in aghaidh an lítir)	150

4. *Fíon súilíneach ar ardchaighdeán*

Déantar an fíon as fíonchaora Gergana.

Glaine – ceadaítear méid beag dríodair dhaite de thoradh aosú faidréiseach i mbuidéal.

Dath – dath buí na tuí lena mbaineann imireacha glasa.

Dea-bholadh agus blas – dea-bholadh saintréitheach dian lus an phiobair agus cartlainne garraí, agus é úr agus oiriúnach lena aosú.

Méid iomlán siúcra:

— *brut nature* – bíonn an méid siúcra níos lú ná 3 ghram in aghaidh an lítir;

— *extra brut* – bíonn an méid siúcra idir 0 agus 6 ghram in aghaidh an lítir;

— *brut* – bíonn an méid siúcra níos lú ná 12 ghram in aghaidh an lítir;

— an-tirim – bíonn an méid siúcra idir 12 ghram agus 17 ngram in aghaidh an lítir;

— tirim – bíonn an méid siúcra idir 17 ngram agus 32 ghram in aghaidh an lítir;

— leath-thirim – bíonn an méid siúcra idir 32 ghram agus 50 gram in aghaidh an lítir;

— milis – bíonn an méid siúcra níos mó ná 50 gram in aghaidh an lítir.

Eastóscán saor ó shiúcra – 16 ghram ar a laghad in aghaidh an lítir.

Comhlíonann an neart alcóil iomlán uasta na luachanna a leagtar síos i reachtaíocht an Aontais atá i bhfeidhm.

Comhlíonann brú barrachais, mar gheall ar dhé-ocsaíd charbóin a bheith ar tuaslagadh ann, nuair a choinnítear ag teocht 20 °C i gcoimeádáin dhúnta é, na luachanna a leagtar síos i reachtaíocht an Aontais is infheidhme.

Saintréithe anailíseacha ginearálta	
Neart alcóil iomlán uasta (in % de réir toirte)	
Neart alcóil iarbhír íosta (in % de réir toirte)	9
Aigéadacht iomlán íosta	5,5 gram in aghaidh an lítir, arna sloinneadh mar aigéad tartarach
Aigéadacht luaineach uasta (i milleachoibhéisí in aghaidh an lítir)	13,3
Dé-ocsaíd sulfair iomlán uasta (i milleagraim in aghaidh an lítir)	185

5. **Cleachtais fhíoneolaíocha**

Cleachtais fhíoneolaíocha fhíor-riachtanacha

1. Táirgeacht

Srian ábhartha ar dhéanamh na bhfíonta

Uastáirgeacht fíona: uasmhéid 70 lítear fíona a tháirgtear ó 100 cileagram fíonchaor.

2. Cleachtas fíoneolaíoch fíor-riachtanach i dtáirgeadh fíona shúilínigh ar ardchaighdeán

Cleachtas fíoneolaíoch fíor-riachtanach

Táirgtear fíon súilíneach ar ardchaighdeán tríd an modh traidisiúnta i gcomhréir leis an reachtaíocht Eorpach atá i bhfeidhm.

Caitheann fíonchaora le haghaidh fíon atá súilíneach go nádúrtha tar éis coipeadh alcólach 6 mhí ar a laghad ar mhoirt.

3. Uastáirgeacht

13 000 cileagram fíonchaor in aghaidh an heicteáir

6. **Limistéar geografach críochaithe**

Tá an limistéar atá críochaithe le haghaidh táirgeadh fíona ag a bhfuil TGFC ‘Дунавска равнина’ laistigh de theorainneacha na gceantar seo a leanas: Réigiún Montana: Berkovitsa, Boychinovtsi, Brusartsi, Chiprovtsi, Georgi Damyanovo, Yakimovo, Lom, Medkovets, Montana, Valchedram agus Varshets. Réigiún Vidin: Belogradchik, Boynitsa, Bregovo, Chuprene, Gramada, Kula, Makresh, Novo Selo, Ruzhintsi, Vidin agus Dimovo. Réigiún Vratsa: Byala Slatina, Borovan, Hayredin, Kozloduy, Krivodol, Mezdra, Mizia, Oryahovo, Roman agus Vratsa. Réigiún Gabrovo: Gabrovo, Sevlievo agus Dryanovo. Réigiún Lovech: Letnitsa, Lovech, Lukovit, Troyan, Ugarchin agus Yablanitsa. Réigiún Pleven: Belene, Cherven Bryag, D. Mitropolia, Dolni Dabnik, Gulyantsi, Iskar, Knezha, Levski, Nikopol, Pleven agus Pordim. Réigiún Veliko Tarnovo: Gorna Oryahovitsa, Lyaskovets, Pavlikeni, Polski Trambesh, Strazhitsa, Suhindol, Svishtov, Veliko Tarnovo, Zlataritsa Agus Elena. Réigiún Razgrad: Tsar Kaloyan, Isperih, Kubrat, Loznitsa, Razgrad agus Zavet. Réigiún Ruse: Byala, Borovo, Tsenovo, Ivanovo, Ruse, Vetovo, Dve Mogili agus Slivo Pole. Réigiún Silistra: Glavinitsa, Tutrakan, Alfatar, Dulovo, Kaynardzha, Silistra agus Sitovo. Réigiún Targovishte: Omurtag, Opaka, Popovo agus Targovishte. Réigiún Dobrich: Balchik, General Toshevo, Kavarna, Shabla, Dobrich, Krushari agus Tervel. Réigiún Shumen: Hitrino, Kaolinovo, Kaspichan, Novi Pazar, Shumen, Smyadovo, Veliki Preslav, Varbitsa, Venets agus Nikola Kozlevo. Réigiún Varna: Aksakovo, Avren, Beloslav, Byala, Devnya, Dolni Chiflik, Dalgopol, Provadia, Suvorovo, Varna, Vetrino agus Valchidol. Réigiún Shóifia: Botevgrad agus Pravets. Tá na dúichí seo a leanas a liostaítear de réir bardais, eisiata ón limistéar críochaithe: Bardas

Belogradchik: sráidbhailte Granichak, Prauzhda, Salash agus Stakevtsi. Bardas Chiprovtsi: sráidbhailte Martinovo agus Prevala. Bardas Georgi Damyanovo: sráidbhailte Dalgi Del agus Kopilovtsi. Bardas Berkovitsa: sráidbhaile Chereshovitsa. Bardas Varshets: sráidbhailte Gorna Bela Rechka, Gorno Ozirovo agus Dolno Ozirovo. Bardas Vratsa: sráidbhaile Lyutadzhik. Bardas Botevgrad: sráidbhailte Gurkovo, Kraevo, Radotina agus Trudovets. Bardas Pravets: sráidbhaile Razliv. Bardas Troyan: sráidbhailte Balkanets, Beli Osam, Golyama Zhelyazna, Gumoshtnik, Dobrodan, Oreshak, Staro Selo, Terziysko, Cherni Osam, Chiflik agus Shipkovo. Bardas Lovech: sráidbhailte Stefanovo, Malinovo agus Balgarene. Bardas Sevlievo: sráidbhailte Boazat, Valevtsi, Voynishka, Dyalak, Kravenik, Kypen, Mlechevo, Selishte, Stokite, Tabashka, Ugorelets agus Shopite. Bardas Gabrovo: sráidbhailte Balanite, Boycheta, Boriki, Zhaltesh, Zeleno Darvo, Malusha, Orlovtsi, Potok, Charkovo agus Chernevtsi. Bardas Veliko Tarnovo: sráidbhailte Voynezha, Voneshta Boda, Vaglevtsi, Kladin Dyal, Osenarite agus Raykovtsi. Bardas Elena: sráidbhailte Bebrovo, Beykovtsi, Buynovtsi, Valchovtsi, Ganev Dol, Gramatitsi, Debeli Rat, Drenta, Ivanivanovtsi, Ignatovtsi, Kamenari, Kolari, Konstantin, Kostel, Maryan, Miykovtsi, Palitsi, Popska, Ruhovtsi, Svetoslavtsi, Todyuvtsi agus Chakali. Bardas Zlataritsa: sráidbhailte Dedintsi, Dalgi Pripek, Ravnovo, Razsoha agus Rosno. Bardas Strazhitsa: sráidbhailte Vodno, Zhelezartsi agus Kavlak. Bardas Popovo: sráidbhailte Dolna Kabda, Konak agus Marchino. Bardas Targovishte: sráidbhailte Bozhurka, Bratovo, Gorna Kabda, Koprets, Paydushko, Presiyan, Prolaz, Tarnovtsa, Tsvetnitsa agus Cherkovna. Bardasacht Omurtag: sráidbhailte Belomortsi, Velikdenche, Verentsi, Gorna Hubavka, Gorsko Selo, Dolna Hubavka, Zelena Morava, Zmeyno, Iliyno, Kamburovo, Kozma Presviter, Krasnoseltsi, Panayot Hitovo, Panichino, Petrino, Ptichevo agus Stanets. Bardas Varbitsa: sráidbhaile Tushovitsa. Bardas Smyadovo: sráidbhaile Rish.

7. **Cineál (nó cineálacha) fíonchaor**

Aligote

Aheloy

Bouket

Viognier

Gamay Noir

Gamay Fréaux

Gergana

Grand Noir

Gamza – Kadarka

Dimiat – Smederevka

Dunavska Gamza

Evmolpia — Trakiiski Mavrud

Cabernet Sauvignon

Cabernet Franc

Kamtchiya

Carmenère

Comhlombard

Cot – Malbec

Kuklenski Mavrud

Mavrud

Marselan

Melnik 82

Melnishki Rubin

Merlot

Misket varnenski – Muskat Varnenski

Misket vrachanski –Vrachanski Misket

Misket Kailashki

Misket Markovski

Misket Sandanski – Muscat Sandanski

Misket Sungurlarski

Misket cherven – Brezovski misket

Misket cherven – Karlovski misket

Misket cherven – Cherven misket

Muscat Ottonel

Muller Turgau

Orfei

Pamid

Petit Verdot

Pinot Gris

Plevenski Kolorit

Pomoriiski Biser

Ranna Melnishka Loza – Melnik 55

Rizling Reynski – Nemski Rizling

Rizling Reynski – Riesling

Rkatsiteli – Rikat

Rubín

Roussanne

Cinsaut

Septemvriiski Rubin

Sylvaner

Syrah – Shiraz

Sauvignon Blanc

Sungurlarski Biser

Tamyanka – Moskatelo

Tamyanka – Moscato Bianco

Tamyanka – Muscat blanc à Petits Grains

Tamyanka – Temenuga

Trakiiska Slava

Fetyaska Alba – Fetyaska byala

Fetyaska Regala

Furmint

Harslevelut – Lipovina

Hebros

Chernomorski brilyant

Chernomorski eliksir

Chardonnay

Chenin – Chenin Blanc

Shiroka Melnishka loza – Melnik

Ugni Blanc – Claret

Ugni Blanc – Sent Emilion

8. **Tuairisc ar an nasc (nó ar na naisc)**

Fíon

Mar thoradh ar thosca sonracha aeráide agus ithreach, in éineacht le tosca daonna, bíonn dea-bholadh saibhir torthaíoch agus blas úr ar na fíonta a tháirgtear sa limistéar, ag a mbíonn cothromaíocht an-mhaith idir aigéadacht agus tainniní.

Tá dea-bholadh casta ag na fíonta geala ina bhfuil torthaí citris go mór chun cinn agus ina bhfuil rian de luibheanna, féar úr agus bláthanna fiáine le brath. Bíonn an blas úr, a mbaineann aigéadacht chothrom leis, bíonn sé comhchuí agus bíonn an t-iarbhlas fada.

Sna fíonta rosé, bíonn dea-bholaithe de thorthaí dearga na foraoise agus torthaí cloiche chun cinn. Bíonn an blas bog, a mbaineann struchtúr dea-fhorbartha agus blasanna blasta sméara dubha agus silíní aibí leis. Bíonn an t-iarbhlas láidir, beagán searbh, a mbaineann úire chumhachtach leis.

Sna fíonta dearga, bíonn torthaí dearga agus dubha na foraoise, daimsín, spíosraí, fanaile agus cnónna i measc na ndea-bholaithe. Tá siad blasta agus gabhann tainniní boga leo, tá siad cothromaithe agus súmhar agus gabhann úire thorthaíoch leo.

Fíon súilíneach ar ardchaighdeán

Déantar an fíon súilíneach ar ardchaighdeán as an gcineál Gergana, a tháirgtear trí Dimyat agus Muscat Ottonel a chrosáil. Go sonrach, is iad saintréithe an dá chineál foinse sin is cúis leis go mbíonn cáilíocht aramatach sármhaith chomh maith le haigéadacht ard i gcineál Gergana, rud a rannchuidíonn le táirgeadh fíonta súilíneacha ar ardchaighdeán mór le rá.

Buaintear fíonchaora chun fíon súilíneach ar ardchaighdeán a tháirgeadh le linn thréimhse na haibíochta fiseolaíche, tráth a bhíonn méid siúcra 16.5-17,5 % agus aigéadacht in-toirtmheasctha 12.00-14.00 gram in aghaidh an lítir acu.

Déantar na fíonchaora nuabhuainte a dhíghasú agus a bhrú ag teochtaí idir 10 °C agus 14 °C, agus déantar 35 % den sú saor a rith chun srutha faoi dhálaí támha. Brúitear an laíon fíonchaor a bhíonn fágtha ar feadh uair an chloig ag 0.6 bar. Tar éis na próiseála, déantar an codán brúite a chumasc leis an sú saor chun gléghlanadh einsímeach a dhéanamh ar feadh 24 uair an chloig ag 8 C° - 10 C°. Cuirtear i soitheach coipthe ansin é agus spreagtar coipeadh alcólach. Fanann an fíon ansin ar feadh 20 lá ag teocht 14 - 16 C.

Tar éis an choipthe alcólaigh, caitheann fíonchaora le haghaidh fíon atá súilíneach go nádúrtha 6 mhí ar a laghad ar mhoirt. Déantar an fíon a bhuidéalú ansin leis an liqueur de tirage i gcomhair an dara coipeadh ag 15- 20 °C agus aibítear é ar feadh 24 mhí ar a laghad roimh rilleán agus roimh dhímhoirtiú.

Dúntar buidéil a dhúnadh le coirc agus le soic shreinge.

Mar thoradh ar thosca nádúrtha agus daonna, is féidir an fíon súilíneach ar ardchaighdeán a tháirgtear a idirdhealú mar gheall ar dhea-bholadh sonrach an lusa phiobair agus na cartlainne garraí. Bíonn sé úr agus bíonn acmhainneacht ann chomh maith lena aosú.

9. **Coinníollacha fíor-riachtanacha breise (pacáistiú, lipéadú, ceanglais eile)**

Creat dlíthiúil:

Sa reachtaíocht náisiúnta

Cineál an choinníll breise:

Maolú ar tháirgeadh sa limistéar geografach críochaithe

Tuairisc ar an gcoinníoll:

Féadfar an tásc geografach a úsáid le haghaidh fíonta a dhéantar trí chumasc ar choinníoll go ndéantar 85 % de na fíonchaora a úsáidtear a tháirgeadh sa limistéar a ainmnítear ar an lipéad.

Nasc chuig an tsonraíocht táirge

https://eavw.com/wps/wcm/connect/eavw.com7059/123a1351-a26e-45bf-8df5-4141ad78a546/Specification+Dunavska+ravnina.pdf?MOD=AJPERES&CVID=p3b8Rfx